# AN CHÚIRT OIBREACHAIS

# TUARSCÁIL BHLIANTÚIL

# NA CÚIRTE OIBREACHAIS

# 2013

# THE LABOUR COURT

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

# NA CÚIRTE OIBREACHAIS 2013

**Arna cur i láthair an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta faoi Alt 23(1) den Acht Caidrimh Thionscail 1946**

# RÁITEAS MISIN NA CÚIRTE OIBREACHAIS

*"Chun teacht ar bhonn chun comhaontú réalaíoch agus substaintiúil a bhaint amach trí shocruithe a sholáthar atá tapa, cothrom, neamhfhoirmiúil agus neamhchostasach ar mhaithe le breithniú a dhéanamh agus réiteach a fháil ar dhíospóidí tionsclaíocha"*

| AN CLÁR ÁBHAR | Leathanach | |
|---|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| **Brollach an Chathaoirligh** | **4** | |
| **Comhaltaí na Cúirte Oibreachais in 2013** | **8** | |
| **Ceannlínte 2013** | **9** | |
| **Forbhreathnú 2013** | **10** | |
| *Cásanna a tarchuireadh* | | ***10*** |
| *Cásanna a Cuireadh i gCrích* | | ***14*** |
| *Éisteachtaí* | | ***15*** |
| **Cásanna os comhair na Cúirte in 2013** | **16** | |
| *Cásanna maidir le Caidreamh Tionscail* | | ***16*** |
| *Cásanna maidir le comhionannas* | | ***19*** |
| *Cásanna um Eagrú Am Oibre* | | ***21*** |
| *Cásanna um Pá Íosta Náisiúnta* | | ***23*** |
| *Cásanna um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha)* | | ***24*** |
| *Cásanna um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe)* | | ***26*** |
| *Cásanna um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair* | | ***28*** |
| **Treocht Cúig Bliana i dTarchuir Dhíospóide** | **29** | |
| **Timpeallacht an Chaidrimh Thionscail in 2013** | **29** | |
| **Gníomhaíochtaí Eile** | **30** | |
| *Comhchoistí Oibreachais* | | ***30*** |
| *Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe* | | ***32*** |
| *Comhchomhairlí Tionscail* | | ***34*** |
| **Seirbhísí Tacaíochta** | **36** | |
| **Aguisíní** | **38** | |
| Aguisín 1 - Tarchuir a Fuarthas in 2013 | | ***39*** |
| Aguisín 2 - Cásanna a Cuireadh i gCrích in 2013 | | ***42*** |
| Aguisín 3 - Comhchomhairlí Tionscail | | ***46*** |
| Aguisín 4 - Feidhmeanna na Cúirte Oibreachais | | ***47*** |
| Aguisín 5 - Struchtúr na Cúirte Oibreachais | | ***51*** |
| Aguisín 6 - Tuilleadh Eolais | | ***52*** |
| Aguisín 7 - Tuarascáil Airgeadais 2013 | | ***53*** |
| Aguisín 8 - Clár Oibre na Cúirte Oibreachais 2013 | | ***54*** |

## BROLLACH AN CHATHAOIRLIGH

Sa bhliain atá faoi athbhreithniú chonaic an Chúirt laghdú 19% ar líon foriomlán na dtarchur a fuarthas. Bhí laghdú 20% ar líon foriomlán na dtarchur a fuarthas faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail 1946 – 2012. Tháinig laghdú 17% ar líon na n-achomharc a fuarthas faoin na reachtanna um chearta fostaíochta laistigh de dhlínse na Cúirte sa tréimhse sin. Baineann an laghdú i líon na dtarchur um chaidreamh tionscail den chuid is mó leis an leanúint i laghdú ginearálta líon na ndíospóidí idir ceardchumainn agus fostóirí i dtaca le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta a bhí ann le blianta beaga anuas. Mar sin féin, leis an bhfeabhas de réir a chéile ar an ngeilleagar agus rannpháirtíocht mhéadaithe sa lucht oibre is féidir tiontú sa treocht seo a thuar.

Tháinig forbairt lenar bhain tábhacht mhór a chuaigh i gcion ar an gCúirt le linn na bliana as cinneadh na Cúirte Uachtaraí in *McGowan v Labour Court & Ors* [2013] IESC 21, a seachadadh i mí Iúil 2013. Sa chinneadh sin dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach go raibh na forálacha reachtúla faoina raibh feidhm uilíoch ag na Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe (CFCanna) maidir leis na hearnálacha lena mbaineann siad aimhréireach leis an mBunreacht agus go raibh siad neamhbhailí. Mar thoradh ar an gcinneadh sin ní raibh an Chúirt ábalta leanúint le gearáin a phróiseáil ó na ceardchumainn nó na fostóirí a raibh sárú CFC á líomhain acu. I mblianta roimhe phróiseáil an Chúirt líon suntasach de na gearáin sin faoi alt 32 den Acht Caidrimh Thionscail 1946 agus alt 10 den Acht Caidrimh Thionscail 1969.

Bhí iarmhairtí tromchúiseacha ag cur ar ceal an chórais CFC maidir le cinntiúchán pá sna hearnálacha a bhí rialaithe roimhe seo ag an gcóras seo, an earnáil tógála agus conraitheoireachta leictrí go príomha. Bhí iarmhairt thromchúiseach aige ar leibhéal níos leithne chomh maith toisc, neamhchosúil leis an gcuid is nó de na Tíortha Eorpacha, nach bhfuil meicníocht ar bith ar fáil in Éirinn anois faoinar féidir éifeacht normatach a thabhairt do chomhaontuithe comhchoiteanna a chuirtear i gcrích idir ceardchumainn ionadaíocha agus eagraíochtaí fostóirí laistigh den earnáil lena mbaineann siad.  Ní féidir leis seo ach éifeacht díchobhsaithe a bheith aige ar struchtúir idirbheartaíochta earnála a bhunú sna tionscail a bhí cumhdaithe ag CFCanna roimhe seo agus, d’fhéadfadh sé, ar a laghad, go méadófaí teagmhais na ndíospóidí i bhfostaíochtaí aonair laistigh

de na hearnálacha sin. Agus muid ag súil le cor chun feabhais sa tógáil agus i ngníomhaíocht lena mbaineann, lena n-áirítear conraitheoireacht leictreach, leis na ceanglais caidreamh tionscail cobhsaí tá sé thar a bheith tábhachtach nach mbaintear an bonn ó chinntiúchán pá agus coinníollacha fostaíochta agus réiteach díospóidí sna hearnálacha sin.

Mar fhreagairt don chás atá tagtha chun cinn léirigh an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta go bhfuil rún acu reachtaíocht a thabhairt ar aghaidh ina ndírítear ar chineál socruithe um chinntiúchán pá earnála a bhfuil feidhm uilíoch acu a thabhairt isteach arís, socruithe ina dtugtar aghaidh ar laigí bunreachtúla an chórais roimhe seo. Táimid ag súil leis na socruithe úra a fheidhmiú nuair a thiocfaidh siad isteach.

Ar an iomlán, tá an caidreamh tionscail ginearálta in Éirinn fós dearfach. Déantar formhór na ndíospóidí idir fostóirí agus ceardchumainn a réiteach trí idirbheartaíocht agus, más gá, le cúnamh ón gCúirt agus ón gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais. Mar sin féin cailleadh níos mó laethanta i ngeall ar dhíospóidí tionscail in 2013 ná mar a cailleadh le blianta beaga anuas. Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú cailleadh 14,965 lá san iomlán de bharr 12 dhíospóid lena raibh 11,924 oibrí bainteach. Cuirtear é sin i gcomparáid le 8,486 lá a cailleadh in 2012, i ngeall ar 5 dhíospóid lena raibh 1,920 oibrí bainteach.

In 2013 d’oibrigh an Chúirt go dlúth le hoifigigh na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta chun tograí na nAirí maidir le hollchóiriú mór ar na hinstitiúidí Stáit a fhorbairt chun díospóidí a bhaineann le cearta fostaíochta reachtúla a réiteach. Lárnach do na tograí sin tá córas dhá shraith a fhorbairt a bhaineann le seirbhís bhreithnithe chéadchéime aonair a sholáthrófar tríd an gCoimisiún úr um Chaidreamh san Ionad Oibre agus trí sheirbhís achomhairc aonair arna soláthar ag Cúirt Oibreachais leathnaithe. Nuair a bheidh siad curtha i bhfeidhm go hiomlán, is éard a bheidh i gceist leis na tograí sin aistriú na bhfeidhmeanna achomhairc ar fad is infheidhmithe faoi láthair ag an mBinse Achomhairc Fostaíochta chuig an gCúirt. Déanfaidh sé sin dlínse na Cúirte a leathnú go mór maidir le cinntiúchán díospóidí um chearta fostaíochta agus cuirfidh sé go mór le hualach na Cúirte. Tá socruithe á ndéanamh chun taithí a thabhairt do chomhaltaí na Cúirte maidir leis na forálacha reachtacha as a mbeidh freagracht acu trí phróiseas na forbartha gairmiúla leanúnaí atá i bhfeidhm cheana do chomhaltaí na Cúirte.

Beidh gá le hathruithe oibriúcháin i gcláreagrú agus i mbainistíocht na gcásanna Cúirte chun éifeachtacht agus cost-éifeachtúlacht an chórais úir a chinntiú. Tugadh roinnt de na hathruithe sin isteach cheana. Rinneadh suíomh gréasáin na Cúirte a chónasc le suíomhanna gréasáin comhlachtaí caidreamh tionscail / cearta fostaíochta eile i suíomh gréasáin úr um Chaidreamh san Ionad Oibre ag **www.workplacerelations.ie.** Cuireadh seirbhís tarchuir láraithe úr i bhfeidhm maidir le gach díospóid um chearta fostaíochta agus tá foirm tarchuir úr á húsáid anois chun na críche sin. Tá dlúthmhonatóireacht á déanamh ar fheidhmiú agus ar éifeachtúlacht na socruithe úra sin agus tá coigeartuithe á ndéanamh chun deacrachtaí ar bith a sainaithníodh a shárú.

Leanann an Chúirt dá dícheall a dhéanamh a sainordú a chomhlíonadh maidir le bealach cóir, neamhspleách agus cost-éifeachtúil a sholáthar chun díospóidí a bhaineann leis an ionad oibre a réiteach. Rud atá lárnach do thiomantas na Cúirte ná go soláthróidh sí dáta éisteachta gan moill mhíchuí agus go seachadfaidh sí cinneadh nó moladh laistigh de thréimhse ama réasúnach i ndiaidh na héisteachta. Ar an meán is féidir leis an gCúirt dáta éisteachta a chur ar fáil laistigh de 13 seachtainí den tarchur agus moladh a sheachadadh laistigh de thrí seachtainí ó dháta na héisteachta i gcásanna caidreamh tionscail agus cinntiúchán a sheachadadh laistigh de shé seachtainí d'éisteacht i gcásanna um chearta fostaíochta. Tarlaíonn moill maidir le héisteacht a sholáthar mar gheall ar iarratais ar atráthú go minic agus d'fhéadfadh sé sin cur isteach ar éifeachtacht oibriúcháin na Cúirte agus d'fhéadfadh moill neamh-inmhianaithe tarlú i réiteach na gcásanna mar thoradh air sin. Dá réir sin ní dheonóidh an Chúirt ach atráthú i gcúinsí eisceachtúla agus i gcúinsí doshéanta. Tarlaíonn moilleanna maidir le moltaí / cinntiúcháin a eisiúint go minic, sa chás go dtarlaíonn siad, i ngeall ar chliseadh ar thaobh na bpáirtithe an fhaisnéis ar fad a chur ar fáil don Chúirt a dteastaíonn uaithi chun cás a réiteach go cóir. Dá réir sin, tá próiseas bainistíochta cásanna curtha i bhfeidhm ag an gCúirt ina ndírítear ar a chinntiú go ndéantar na ceisteanna a thagann chun cinn as an gcás a shainaithint mar is cuí agus a phlé sula gcuirtear an gcás ar aghaidh go dtí éisteacht.

Ní raibh athruithe ar bith ar bhallraíocht na Cúirte in 2013.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil arís leis na Leas-Chathaoirligh, le Comhaltaí na Cúirte agus leis an bhFoireann Riaracháin as a n-obair chrua agus a ndíograis leanúnach chun rath na Cúirte agus cáilíocht na seirbhíse a sholáthraíonn sí a chinntiú. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil fosta leis Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, le hArd-Rúnaí na Roinne agus le hOifigigh na Roinne as an tacaíocht leanúnach a chuireann siad ar fáil don Chúirt. Go sonrach, ba mhaith liom a rá, d'ainneoin na srianta leanúnacha ar an Roinn seo agus ar na Ranna Rialtais eile ar fad, gur cuireadh na hacmhainní airgeadais agus na hacmhainní eile is gá chun ár sainordú reachtúil a chomhlíonadh mar is cuí ar fáil dúinn.

**Kevin Duffy**
**Cathaoirleach**

**Meán Fómhair 2014**

## COMHALTAÍ NA CÚIRTE OIBREACHAIS IN 2013

| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach** | *Kevin Duffy* |
| **Leas-Chathaoirligh** | *Caroline Jenkinson*<br>*Brendan Hayes* |
| **Fostóir Comhaltaí** | *Peter Murphy*<br>*Sylvia Doyle*<br>*Mary Cryan* |
| **Comhaltaí Oibrí** | *Pádraigín Ní Mhurchú*<br>*Jerry Shanahan*<br>*Linda Tanham* |
| **Cláraitheoir** | *Hugh O'Neill* |

## CEANNLÍNTE 2013

In 2013, fuair an Chúirt Oibreachais

- 957 tarchur
- Thionóil sí 737 éisteacht
- d’eisigh sí 655 Moladh / Cinntiúchán / Cinneadh / Ordú
- rinne sí imscrúdú ar 145 cás a réitíodh roimh éisteacht nó ag éisteacht

agus

- cláraigh sí 1 Chomhaontú Comhchoiteann faoin Acht um Eagrú Ama Oibre 1997

### Obair na Cúirte Oibreachais in 2013 i gcomparáid le 2012

| Catagóir | Líon in 2013 | Líon in 2012 |
|---|---|---|
| Tarchuir a fuarthas | 957 | 1181 |
| Éisteachtaí | 737 | 938 |
| Moltaí srl a eisíodh | 655 | 691 |
| Cásanna a réitíodh roimh / ag Éisteacht | 145 | 192 |
| Comhaontuithe Comhchoiteanna a faomhadh: | | |
| *An tAcht um Eagrú Am Oibre* | 1 | 1 |
| *(Obair Pháirtaimseartha)* | 0 | 0 |
| Orduithe Rialaithe Fostaíochta a rinneadh | 0 | 0 |
| Comhchomhairlí Tionscail a cláraíodh | 0 | 0 |
| Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe: | | |
| *Clárúcháin* | 0 | 1 |
| *Éagsúlachtaí* | 0 | 0 |

## FORBHREATHNÚ 2013

### *CÁSANNA A TARCHUIREADH CHUIG AN gCÚIRT IN 2013*

***Líon na dTarchur***

| | **2013** | **2012** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| Caidreamh Tionscail | 555 | 693 | -138 |
| Cearta Fostaíochta | 402 | 488 | -86 |
| **Iomlán** | **957** | **1,181** | **-224 (-19%)** |

Ar an iomlán bhí laghdú 19% ar na tarchuir chuig gCúirt Oibreachais in 2013 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (ó 1,181 go 957) agus tharla athrú níos suntasaí ar roinnt fochatagóirí tarchuir.

Ba ionann na tarchuir faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail 1946 go 2012 agus 58% d'iomlán na dtarchur. Leis an aicme tharchuir sin léiríodh laghdú foriomlán 138 nó 20% i gcomparáid le 2012 (555 tarchur i gcomparáid le 693 in 2012). Bhain an t-athrú ba shuntasaí le tarchuir a rinneadh faoi Alt 32 den Acht Caidrimh Thionscail 1969 ar ar tháinig a laghdú ó 170 in 2012 go dtí 37 in 2013 agus faoi alt 10 den Acht Caidrimh Thionscail 1969 sa chás gur tháinig laghdú ó 52 in 2012 go dtí 10 in 2013 ar na tarchuir. Tháinig sé seo as breithiúnas a rinne an Chúirt Uachtarach an 9 Bealtaine 2013 (inar dearbhaíodh go raibh Cuid III den Acht Caidrimh Thionscail 1946 neamhbhailí maidir le hAirteagal 15.2.1 den Bhunreacht). Chiallaigh sé sin nach bhféadfadh an Chúirt Oibreachais gearáin um sháruithe maidir le comhaontuithe fostaíochta cláraithe faoi alt 32 d'Acht 1946 agus faoi alt 10 den Acht Caidrimh Thionscail 1969 a ghlacadh nó a phróiseáil ón 9 Bealtaine 2013 i leith.

Laistigh de réimse na reachtaíochta um Chearta Fostaíochta, ba ionann líon na dtarchur le linn na bliana agus 42% de chásanna a tháinig os comhair na Cúirte agus tháinig laghdú 86 (18%) orthu. Cé go raibh líon foriomlán na dtarchur faoin reachtaíocht um Chearta Fostaíochta go mór mar a chéile, tharla athrú níos suntasaí ar roinnt fochatagóirí. Tharla an méadú is suntasaí ar tharchuir a tháinig as tabhairt isteach an Achta um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach)

2012 as ar tháinig 25 tarchur in 2013. Bhí laghduithe chomh maith ar tharchuir faoin Acht um Pá Íosta Náisiúnta 2000 ó 33 go 23 agus laghduithe i dtarchuir faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe) 2003 ó 64 go 41.

***Próifíl na dTarchur - de réir na Catagóire***

| **Catagóir** | **2013** | **2012** | **Athrú** |
|---|---|---|---|
| Caidreamh Tionscail | 555 | 693 | -138 |
| Cearta Fostaíochta: | 402 | 488 | -88 |
| Comhionannas | 70 | 73 | -3 |
| Eagrú Am Oibre | 207 | 273 | -66 |
| Pá Íosta Náisiúnta | 23 | 33 | -10 |
| Obair Pháirtaimseartha | 10 | 12 | -2 |
| Obair Théarma Shocraithe | 41 | 64 | -23 |
| Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair | 21 | 21 | 0 |
| Faisnéis agus Comhchomhairle Fostaithe | 4 | 10 | -6 |
| Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla | 0 | 1 | -1 |
| An tAcht Sláinte | 0 | 1 | -1 |
| Obair Ghníomhaireachta Shealadach | 25 | 0 | +25 |
| An tAcht um Cheartas Coiriúil | 1 | 0 | +1 |
| **Iomlán** | **957** | **1,181** | |

*Catagóirí Tarchuir - mar Chion Iomlán na dTarchur*

| Catagóir | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| Caidreamh Tionscail | 58% | 59% |
| Cearta Fostaíochta: | 42% | 41% |
| Comhionannas | 7% | 6% |
| Eagrú Am Oibre | 22% | 23% |
| Pá Íosta Náisiúnta | 2% | 3% |
| Obair Pháirtaimseartha | 1% | 1% |
| Obair Théarma Shocraithe | 4% | 5% |
| Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair | 2% | 2% |
| Faisnéis agus Comhchomhairle | .4% | 0.8% |
| An tAcht Sláinte | 0 | 0.08% |
| Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla | 0 | 0.08% |
| Obair Ghníomhaireachta Shealadach | 3% | |
| An tAcht um Cheartas Coiriúil | .1% | |

*Próifíl na dTarchur - de réir na Foinse*

| Foinse | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| Cásanna a bhain leis an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais roimhe seo - | 638 | 701 |
| **as a raibh** | 166 | 161 |
| Tarchuir ó sheirbhísí comhréitigh[1] | 0 | 2 |
| Tarchuir ó sheirbhísí comhairleacha[2] | 472 | 538 |
| Achomharc i gcoinne Mholadh / Chinneadh an Choimisinéara um Chearta | | |
| Gearáin nár cuireadh cinneadh an Choimisinéara um Chearta i bhfeidhm | | |
| Achomharc i gcoinne chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais | 70 | 72 |
| Tarchuir dhíreacha[3] | 200 | 167 |
| Eile[4] | 49 | 241 |
| **Iomlán** | **957** | **1,181** |

1 Áirítear air seo líon cásanna inar fhill na páirtithe ar an gCúirt i ndiaidh don Chúirt Moladh a eisiúint. Ina theannta sin, áirítear an dá tharchur faoi Alt 26 den Acht Caidrimh Thionscail 1990, agus tarchuir faoi Alt 20(2) den Acht Caidrimh Thionscail 1969 air.

2 Cásanna nach raibh nósanna imeachta idirbheartaíochta curtha i bhfeidhm.

3 Áiríodh orthu seo tarchuir faoi Alt 20 den Acht Caidrimh Thionscail 1969 sa chás go gcomhaontaíonn an gearánaí nó an dá pháirtí roimh ré Moladh na Cúirte a ghlacadh; tarchuir a rinneadh go díreach leis an gCúirt faoi Alt 26(5) den Acht Caidrimh Thionscail 1990; tarchuir a rinneadh faoi Alt 2(1) den Acht Caidrimh Thionscail 2001 (arna leasú) sa chás nach bhfuil nósanna imeachta idirbheartaíochta i bhfeidhm.

4 Áirítear ar “Eile” gearáin a rinne fostóirí nó ceardchumainn maidir le sáruithe ar Chomhaontuithe Fostaíochta Cláraithe (CFCanna) faoi Alt 32 den Acht Caidrimh Thionscail 1946 nó faoi Alt 10 den Acht Caidrimh Thionscail 1969; iarratais ar chinntiúcháin faoi Alt 6 den Acht Caidrimh Thionscail 2001; cásanna maidir le léirmhíniú CFCanna; agus tarchuir a rinneadh faoi fhorálacha cearta fostaíochta éagsúla.

**Tá sonraí iomlána maidir le tarchuir faoi achtacháin éagsúla leagtha amach in Aguisín 1.**

*Forbhreathnú 2013 - ar lean*

## *CÁSANNA A CHUIR AN CHÚIRT I gCRÍCH IN 2013*

***Líon na gCásanna a Cuireadh i gCrích***

| 2013 | 2012 | Difríocht |
|---|---|---|
| 800 | 883 | -83 |

*Próifíl na gCásanna a Cuireadh i gCrích - de réir na Catagóire*

| CATAGÓIR | 2013 | 2012 | DIFRÍOCHT |
|---|---|---|---|
| Caidreamh Tionscail | 492 | 535 | -43 |
| Comhionannas | 39 | 44 | -5 |
| Eagrú Am Oibre | 179 | 212 | -33 |
| Pá Íosta Náisiúnta | 14 | 16 | -2 |
| Obair Pháirtaimseartha | 5 | 14 | -9 |
| Obair Théarma Shocraithe | 39 | 48 | -9 |
| Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair | 21 | 12 | +9 |
| Faisnéis agus Comhchomhairle Fostaithe | 7 | 1 | +6 |
| An tAcht Sláinte | 0 | 0 | 0 |
| Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla | 0 | 1 | -1 |
| Obair Ghníomhaireachta Shealadach | 4 | 0 | +4 |
| **Iomlán** | **800** | **883** | **-83** |

**Tá sonraí iomlána maidir leis na cásanna a chuir an Chúirt i gcrích faoi achtacháin éagsúla san áireamh in Aguisín 2.**

## *ÉISTEACHTAÍ IN 2013*

### *Líon na nÉisteachtaí*

Thionóil an Chúirt 938 Éisteacht san iomlán in 2012 i gcomparáid le 1043 in 2011. Chun críche na n-éisteachtaí sin, d'eagraigh an Chúirt suíonna ag 13 shuíomh san iomlán.

### *Bunús na gCásanna a Éistíodh in 2013*

Taispeánann an méid seo a leanas bunús na gcásanna arna n-éisteacht ag an gCúirt in 2013, bunaithe ar sheoladh an fhostóra:

| **Contae** | **Líon na gcásanna in 2013** |
|---|---|
| **Ceatharlach** | 5 |
| **An Cabhán** | 3 |
| **An Clár** | 16 |
| **Corcaigh** | 42 |
| **Dún na nGall** | 2 |
| **Baile Átha Cliath** | 417 |
| **Gaillimh** | 29 |
| **Ciarraí** | 17 |
| **Cill Dara** | 11 |
| **Cill Chainnigh** | 12 |
| **Laois** | 7 |
| **Liatroim** | 1 |
| **Luimneach** | 35 |
| **Longfort** | 2 |
| **Lú** | 12 |
| **Maigh Eo** | 12 |
| **An Mhí** | 6 |
| **Muineachán** | 10 |
| **Uíbh Fhailí** | 9 |
| **Ros Comáin** | 4 |
| **Sligeach** | 4 |
| **Tiobraid Árann (Thuaidh)** | 13 |
| **Tiobraid Árann (Theas)** | 9 |
| **Port Láirge** | 21 |
| **An Iarmhí** | 9 |
| **Loch Garman** | 22 |
| **Cill Mhantáin** | 6 |
| **Coigríche** | 1 |
| | |
| **Iomlán** | 737 |

## CÁSANNA MAIDIR LE CAIDREAMH TIONSCAIL IN 2013

### *CÁSANNA CAIDREAMH TIONSCADAIL A TARCHUIREADH CHUIG AN gCÚIRT*

***Líon na dTarchur um Chaidreamh Tionscail a Fuarthas***

| **2013** | **2012** | **Difríocht** |
|---|---|---|
| 555 | 693 | -138 |

Tháinig laghdú 20% go dtí 555 ar líon na dtarchur a fuarthas faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail 1946 – 2012.

Cé go raibh an chuid is mó de na catagóirí measartha seasmhach fós, bhí roinnt eisceachtaí ann maidir le treocht 2012. Go comhréireach, bhain an t-athrú ba shuntasaí le tarchuir a rinneadh faoi Alt 32 den Acht Caidrimh Thionscail 1969 ar ar tháinig a laghdú ó 170 in 2012 go dtí 37 in 2013 agus faoi alt 10 den Acht Caidrimh Thionscail 1969 sa chás gur tháinig laghdú ó 52 in 2012 go dtí 10 in 2013 ar na tarchuir. Tháinig sé seo as breithiúnas a rinne an Chúirt Uachtarach an 9 Bealtaine 2013 inar dearbhaíodh go raibh Cuid III den Acht Caidrimh Thionscail 1946 neamhbhailí maidir le hAirteagal 15.2.1 den Bhunreacht.

Tháinig méadú chomh maith ar na tarchuir a fuarthas faoi Alt 20(1) den Acht Caidrimh Thionscail 1969 ar ar tháinig méadú ó 158 go 192 - méadú 21%.

**Tá sonraí iomlána maidir leis na cásanna a tarchuireadh chuig an gCúirt faoi achtacháin éagsúla san áireamh in Aguisín 1.**

***Próifíl na gCásanna maidir le Caidreamh Tionscail a Fuarthas***

| Foinse | 2013 | 2012 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| Tarchuir ón gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais (comhréiteach)* | 166 | 158 | + 8 |
| Achomharc maidir le Moltaí na gCoimisinéirí um Chearta | 144 | 133 | +11 |
| Gearán ó chomhlacht fostóra i leith sárú CFC | 10 | 52 | -42 |
| Gearán ó cheardchumann i leith sárú CFC | 37 | 170 | -133 |
| Tarchur díreach - réamhghlacadh Molta | 196 | 161 | +35 |
| Tarchur díreach sa chás nach raibh nósanna imeachta idirbheartaíochta ar bith i bhfeidhm | 0 | 2 | -2 |
| Léirmhíniú ar Chomhaontú Fostaíochta Cláraithe/Scóip an Chomhchiste Oibreachais nó Ordú Rialaithe Fostaíochta | 2 | 16 | -14 |

* Áirítear air seo líon cásanna inar fhill na páirtithe ar an gCúirt i ndiaidh Moladh a eisiúint.

## *CÁSANNA CAIDREAMH TIONSCAIL A CHUIR AN CHÚIRT I GCRÍCH*

***Líon na gCásanna maidir le Caidreamh Tionscail a Cuireadh i gCrích***

| 2013 | 2012 | Difríocht |
|---|---|---|
| 492 | 535 | -43 |

## *ACHOMHAIRC I GCÁSANNA MAIDIR LE CAIDREAMH TIONSCAIL*

Is féidir le ceachtar páirtí i ndíospóid achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais i gcoinne mholtaí an Choimisinéara um Chearta i gcásanna maidir le caidreamh tionscail. Chinn an Chúirt cinntí i 101 achomharc maidir le moltaí dá leithéidí in 2013; réitíodh 8 gcás eile roimh nó ag éisteacht na Cúirte Oibreachais.

### *Foinsí na nAchomharc maidir le Caidreamh Tionscail*

| **Achomharc ag** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| Oibrí | 77 (76%) | 66 (63%) |
| Fostóir | 23 (23%) | 38 (37%) |
| An dá thaobh | 1 (1%) | 0 |
| **Iomlán** | **101** | **104** |

### *Toradh na nAchomharc maidir le Caidreamh Tionscail*

| **Toradh an Achomhairc** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| Seasamh le moladh an Choimisinéara um Chearta | 45 (45%) | 41 (39%) |
| Moladh an Choimisinéara um Chearta éagsúlaithe/leasaithe | 47 (46%) | 55 (53%) |
| Moladh an Choimisinéara um Chearta aisiompaithe | 9 (9%) | 8 (8%) |
| Eile | | 0 |
| **Iomlán** | **101** | **104** |

## CÁSANNA COMHIONANNAIS IN 2013

*CÁSANNA COMHIONANNAIS A TARCHUIREADH CHUIG AN gCÚIRT*

***Líon na dTarchur Comhionannais***

| Catagóir | 2013 | 2012 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| Achomharc i gcoinne chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais | 67 | 66 | +1 |
| Achomharc i gcoinne chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais maidir le teorainn ama | 3 | 6 | -3 |
| Achomhairc faoi Acht na bPinsean | 0 | 1 | -1 |
| **Iomlán** | **70** | **73** | **-3** |

Ba ionann líon na dtarchur chuig an gCúirt faoi reachtaíocht um chomhionannas agus 70, laghdú 3.

***Forais Idirdhealaitheacha a Luadh in Achomhairc Chomhionannais a Tarchuireadh***

I 66 ceann de na hachomhairc a luadh faoi Alt 83 de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2012, luadh ocht gcinn de na naoi bhforas idirdhealaitheacha dá bhfuil foráil déanta faoin reachtaíocht. Luadh níos mó ná foras amháin i líon cásanna.

***Líon na gcásanna inar luadh gach foras***

| Inscne | Cine | Stádas Teaghlaigh | Aois | Míchumas | Gnéaschlaonadh | Stádas Pósta | Reiligiún | Ballraíocht an lucht taistil |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 28 | 25 | 9 | 10 | 21 | 1 | 8 | 2 | 0 |

***Líon na bhforas a luadh in aghaidh an achomhairc a tarchuireadh chuig an gCúirt***

| | |
|---|---|
| Foras aonair a luadh | 52 achomharc |
| Dhá fhoras a luadh | 15 achomharc |
| Trí fhoras nó níos mó ná sin a luadh | 6 achomharc |

## *CÁSANNA COMHIONANNAIS A CHUIR AN CHÚIRT I gCRÍCH*

### *Líon na gCásanna Comhionannais a Cuireadh i gCrích*

| Cineál/foinse | 2013 | 2012 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| Dífhostú (tarchur díreach ag duine (daoine) aonair) | 0 | 1 | -1 |
| Achomhairc | 39 | 43 | -4 |
| | | | |
| **Iomlán** | **39** | **44** | **-5** |

### *Foinse agus Toradh na gCásanna Achomhairc*

As na 39 cás achomharc comhionannais arna gcur i gcrích ag an gCúirt in 2013, réitíodh 3 cinn díobh ag an éisteacht nó i ndiaidh na héisteachta agus, dá bhrí sin, níor eisigh an Chúirt Cinntiúchán sna cásanna sin. Taispeánann an méid seo a leanas foinse agus toradh an n-achomharc sna 36 cás inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán:

### *Foinse na nAchomharc*

| Achomharc ag | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| Oibrí | 25 | 18 |
| Fostóir | 10 | 11 |
| An dá thaobh | 1 | nialas |
| | | |
| **Iomlán** | **36** | **29** |

### *Toradh na nAchomharc*

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| Cinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais daingnithe | 22 | 16 |
| Cinneadh an Stiúrthóra aisiompaithe | 7 | 5 |
| Cinneadh an Stiúrthóra éagsúlaithe | 7 | 8 |
| Eile | | 0 |
| | | |
| **Iomlán** | **36** | **29** |

**Is féidir breathnú ar théacs gach ceann de na Cinntiúcháin sin ar shuíomh gréasáin na Cúirte** www.workplacerelations.ie

## CÁSANNA UM EAGRÚ AM OIBRE IN 2013

### *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is siad seo a leanas feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Eagrú Ama Oibre 1997:

- comhaontuithe comhchoiteanna faoin Acht a fhaomhadh agus a chlárú
- achomhairc i gcoinne chinntí an Choimisinéara um Chearta faoin Acht a chinneadh
- gearáin nár cuireadh cinntí an Choimisinéara um Chearta faoin Acht i bhfeidhm a chinneadh

### *COMHAONTUITHE COMHCHOITEANNA*

#### ***Faomhadh in 2013***

Fuair agus d'fhaomh an Chúirt Oibreachais comhaontú comhchoiteann amháin in 2013.

### *CÁSANNA UM EAGRÚ AM OIBRE A TARCHUIREADH CHUIG AN GCÚIRT*

#### ***Líon agus Catagóirí na dTarchur***

| **Catagóir** | **2013** | **2012** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne chinntí an Choimisinéara um Chearta | 107 | 169 | -62 |
| Gearáin nár cuireadh cinntí an Choimisinéara um Chearta faoin Acht i bhfeidhm | 100 | 104 | -4 |
| **Iomlán** | **207** | **273** | **-66** |

## *CÁSANNA UM EAGRÚ AM OIBRE ARNA GCUR I GCRÍCH AG AN GCÚIRT*

### *An Líon a Cuireadh i gCrích - de réir na Catagóire*

| **Catagóir** | **2013** | **2012** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne chinntí an Choimisinéara um Chearta | 84 | 115 | -31 |
| Gearáin nár cuireadh cinntí an Choimisinéara um Chearta faoin Acht i bhfeidhm | 95 | 97 | -2 |
| **Iomlán** | **179** | **212** | **-33** |

### *Achomhairc a Cuireadh i gCrích - Foinse agus Toradh*

As na 84 achomharc a cuireadh i gcrích, réitíodh 9 gcinn díobh ag an éisteacht nó i ndiaidh na héisteachta agus, dá bhrí sin, níor eisigh an Chúirt Cinntiúchán sna cásanna sin.  Baineann an fhaisnéis thíos leis na 75 cás inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán.

#### *Foinse na nAchomharc*

| | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| Achomharc ag Fostóir | 32 (43&) | 39 (44%) |
| Achomharc ag Oibrí (Oibrithe) | 43 (57%) | 49 (56%) |
| Achomharc ag an Dá Pháirtí | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **75** | **88** |

#### *Toradh na nAchomharc*

| | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| Seasadh le cinnidh an Choimisinéara um Chearta | 38 (50%) | 43 (49%) |
| Cinnidh an Choimisinéara um Chearta éagsúlaithe/leasaithe | 20 (27%) | 31 (35%) |
| Cinnidh an Choimisinéara um Chearta aisiompaithe | 17 (23%) | 14 (16%) |
| Iomlán | 75 | 88 |

**Is féidir breathnú ar théacs gach ceann de na Cinntiúcháin sin ar shuíomh gréasáin na Cúirte** *www.workplacerelations.ie*

## CÁSANNA UM PÁ ÍOSTA NÁISIÚNTA IN 2013

### *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is siad seo a leanas feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Pá Íosta Náisiúnta 2000:

- achomhairc i gcoinne chinntí an Choimisinéara um Chearta faoin Acht a chinneadh
- gearáin nár cloíodh/nár cloíodh go hiomlán le cinntí an Choimisinéara um Chearta faoin Acht a chinneadh
- cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratais ar dhíolúine (shealadach) ón oibleagáid a dteidlíochtaí a íoc le fostaithe faoin Acht

### *TARCHUIR UM PÁ ÍOSTA A FUARTHAS*

***Líon agus Catagóirí na gcásanna a tarchuireadh***

| **Catagóir** | **2013** | **2012** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne chinntí an Choimisinéara um Chearta | 16 | 30 | -14 |
| Gearáin nár cuireadh cinntí an Choimisinéara um Chearta faoin Acht i bhfeidhm | 7 | 3 | +4 |
| Iarratais ar dhíolúine ó fhorálacha an Achta | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **23** | **33** | **-10** |

### *CÁSANNA UM PÁ ÍOSTA ARNA GCUR I GCRÍCH AG AN GCÚIRT*

***Líon na gCásanna a Cuireadh i gCrích de réir na Catagóire***

| **Catagóir** | **2013** | **2012** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta | 8 | 14 | -6 |
| Gearáin nár cuireadh cinntí an Choimisinéara um Chearta i bhfeidhm | 6 | 2 | +4 |
| **Iomlán** | **14** | **16** | **-2** |

**Is féidir breathnú ar théacs gach ceann de na Cinntiúcháin sin ar shuíomh gréasáin na Cúirte** www.workplacerelations.ie

## CÁSANNA UM CHOSAINT FOSTAITHE (OBAIR PHÁIRTAIMSEARTHA) IN 2013

### *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is siad seo a leanas feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001:

- comhaontuithe comhchoiteanna maidir le fostaithe páirtaimseartha ócáideacha faoin Acht a fhaomhadh
- achomhairc i gcoinne chinntí an Choimisinéara um Chearta faoin Acht a chinneadh
- gearáin nár cuireadh cinntí an Choimisinéara um Chearta faoin Acht i bhfeidhm a chinneadh

### *COMHAONTUITHE COMHCHOITEANNA*

Ní bhfuair an Chúirt Oibreachais iarratas ar bith ar fhaomhadh um chomhaontú comhchoiteann faoin Acht seo in 2013.

### *CÁSANNA MAIDIR LE HOBAIR PHÁIRTAIMSEARTHA A TARCHUIREADH CHUIG AN GCÚIRT IN 2013*

***Líon agus Catagóirí na dTarchur***

| **Catagóir** | **Líon na dTarchur** | | |
|---|---|---|---|
| | **2013** | **2012** | **Difríocht** |
| Achomhairc i gcoinne chinntí an Choimisinéara um Chearta | 10 | 12 | -2 |
| Gearáin nár cuireadh cinntí an Choimisinéara um Chearta faoin Acht i bhfeidhm | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **10** | **12** | **-2** |

*CÁSANNA MAIDIR LE HOBAIR PHÁIRTAIMSEARTHA ARNA GCUR I GCRÍCH AG AN GCÚIRT IN 2013*

***Líon na gCásanna a Cuireadh i gCrích - de réir na Catagóire***

| **Catagóir** | **2013** | **2012** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne chinntí an Choimisinéara um Chearta | 5 | 14 | -9 |
| Gearáin nár cuireadh cinntí an Choimisinéara um Chearta faoin Acht i bhfeidhm | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **5** | **14** | **-9** |

**Is féidir breathnú ar théacs gach ceann de na Cinntiúcháin sin ar shuíomh gréasáin na Cúirte** www.workplacerelations.ie
**Beidh achoimriú de na Cinntiúcháin ar fáil ar an suíomh gréasáin chomh maith.**

## CÁSANNA UM CHOSAINT FOSTAITHE (OBAIR THÉARMA SHOCRAITHE) IN 2013

### *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is siad seo a leanas feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe) 2003:

- achomhairc i gcoinne chinntí an Choimisinéara um Chearta faoin Acht a chinneadh
- gearáin nár cuireadh cinntí an Choimisinéara um Chearta faoin Acht i bhfeidhm a chinneadh

### *CÁSANNA MAIDIR LE HOBAIR THÉARMA SHOCRAITHE A TARCHUIREADH CHUIG AN GCÚIRT IN 2013*

***Líon agus Catagóirí na dTarchur***

| Catagóir | Líon na dTarchur 2013 | 2012 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne chinntí an Choimisinéara um Chearta | 37 | 62 | -25 |
| Gearáin nár cuireadh cinntí an Choimisinéara um Chearta i bhfeidhm | 4 | 2 | +2 |
| **Iomlán** | **41** | **64** | **-23** |

### *CÁSANNA MAIDIR LE HOBAIR THÉARMA SHOCRAITHE ARNA GCUR I GCRÍCH AG AN GCÚIRT IN 2013*

***Líon na gCásanna a Cuireadh i gCrích - de réir na Catagóire***

| Catagóir | 2013 | 2012 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne chinntí an Choimisinéara um Chearta | 37 | 45 | -8 |
| Gearáin nár cuireadh cinntí an Choimisinéara um Chearta faoin Acht i bhfeidhm | 2 | 3 | -1 |
| **Iomlán** | **39** | **48** | **-9** |

### *Achomhairc a Cuireadh i gCrích - Foinse agus Toradh*

As na 37 achomharc arna gcur i gcrích ag an gCúirt, réitíodh 6 cinn díobh roimh éisteacht nó i ndiaidh éisteachta agus níor eisigh an Chúirt Cinntiúchán sna cásanna sin. Baineann an fhaisnéis thíos leis na 31 cás inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán.

| **Foinse an achomhairc** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| Achomharc ag Fostóir | 9 (29%) | 14 (35%) |
| Achomharc ag Oibrí (Oibrithe) | 22 (71%) | 18 (45%) |
| Achomharc ag an Dá Pháirtí | | 8 (20%) |
| **Iomlán** | **31** | **40** |

| **Toradh an achomhairc** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| Seasadh le cinnidh an Choimisinéara um Chearta | 16 | 15 |
| Cinnidh an Choimisinéara um Chearta éagsúlaithe/leasaithe | 6 | 19 |
| Cinnidh an Choimisinéara um Chearta curtha ar leataobh | 9 | 6 |
| **Iomlán** | **31** | **40** |

**Is féidir breathnú ar théacs gach ceann de na cásanna inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán ar shuíomh gréasáin na Cúirte** www.workplacerelations.ie
**Beidh achoimriú de na Cinntiúcháin ar fáil ar an suíomh gréasáin chomh maith.**

## CÁSANNA UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR IN 2013

*FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is siad seo a leanas feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005:

- achomhairc i gcoinne chinntí an Choimisinéara um Chearta faoin Acht a chinneadh
- gearáin nár cuireadh cinntí an Choimisinéara um Chearta faoin Acht i bhfeidhm a chinneadh

*CÁSANNA MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS A TARCHUIREADH CHUIG AN GCÚIRT IN 2013*

### *Líon agus Catagóirí na dTarchur*

| | **Líon na dTarchur** | | |
|---|---|---|---|
| **Catagóir** | **2013** | **2012** | **Difríocht** |
| Achomhairc i gcoinne chinntí an Choimisinéara um Chearta | 19 | 19 | 0 |
| Gearáin nár cuireadh cinntí an Choimisinéara um Chearta i bhfeidhm | 2 | 2 | 0 |
| **Iomlán** | **21** | **21** | **0** |

*CÁSANNA MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS ARNA GCUR I GCRÍCH AG AN GCÚIRT IN 2013*

### *Líon na gCásanna a Cuireadh i gCrích - de réir na Catagóire*

| **Catagóir** | **2013** | **2012** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne chinntí an Choimisinéara um Chearta | 21 | 10 | +11 |
| Gearáin nár cuireadh cinntí an Choimisinéara um Chearta faoin Acht i bhfeidhm | 0 | 2 | -2 |
| **Iomlán** | **21** | **12** | **+9** |

**Is féidir breathnú ar théacs gach ceann de na hachomhairc inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán ar shuíomh gréasáin na Cúirte** www.workplacerelations.ie
**Beidh achoimriú de na Cinntiúcháin ar fáil ar an suíomh gréasáin chomh maith.**

## TARCHUIR UM DHÍOSPÓIDÍ: TREOCHT CÚIG BLIANA 2009 – 2013

### *TARCHUIR UM DHÍOSPÓIDÍ FOSTAÍOCHTA*

***An Chúirt Oibreachais***

| Bliain | Líon na dtarchur |
|---|---|
| **2013** | **957** |
| **2012** | **1,181** |
| **2011** | **1,254** |
| **2010** | **1,452** |
| **2009** | **1,433** |
| **Meán 5 bliana** | **1,255** |

### ***TIMPEALLACHT AN CHAIDRIMH THIONSCAIL IN 2013***

Ba ionann líon na laethanta i ngeall ar dhíospóidí tionsclaíocha in 2013 agus 14,965 i gcomparáid le 8486 le haghaidh 2012.

Bhí 12 dhíospóid thionsclaíocha in 2013, a bhain le 11,924 oibrí agus 12 ghnóthas.

***Díospóidí tionsclaíocha: Le 5 bliana anuas***

| Catagóir | 2013 | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na nDíospóidí | 12 | 5 | 8 | 14 | 23 |
| Líon na nGnóthas | 12 | 5 | 8 | 14 | 168 |
| Líon na nOibrithe | 11,924 | 1,920 | 1,384 | 511 | 278,228 |
| Líon na Laethanta a Cailleadh | 14,965 | 8,486 | 3,695 | 6,602 | 329,706 |

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE

### *COMHCHOISTÍ OIBREACHAIS*

***Cad is Comhchoistí Oibreachais ann?***

Déantar foráil sna hAchtanna Caidrimh Thionscail 1946 go 2012 i leith córas Comhchoistí Oibreachais (CCOanna), meicníocht a dearadh chun go ndéanfaí rátaí íosta reachtúla maidir le pá agus coinníollacha fostaíochta in earnálacha faoi leith a leagan síos.

Tá Comhchoiste Oibreachais comhdhéanta d'ionadaithe fostóirí agus oibrithe san earnáil ábhartha faoi chathaoirleach neamhspleách. Nuair a thagann sé ar chomhaontú maidir le téarmaí agus coinníollacha, foilsíonn an CCO sonraí agus iarrann sé aighneachtaí. I ndiaidh breithniú aighneachtaí ar bith, féadfaidh an Coiste moltaí a dhéanamh maidir le hOrdú Rialaithe Fostaíochta a dhéanamh (féach thíos).

Tacaíonn an Chúirt Oibreachais le hobair na CCOanna trí Rúnaíocht, cóiríocht agus saoráidí eile a chur ar fáil dá gcruinnithe.

De bharr rialú Ard-Chúirte in Iúil 2011, a chreid go raibh an mheicníocht socraithe pá arna hoibriú ag na CCOanna neamhbhunreachtúil, cuireadh deireadh le gníomhaíocht CCOanna in 2013.

***Athchóiriú na gComhchoistí Oibreachais***

Déantar socrú in Alt 41A den Acht Caidrimh Thionscail 1946 (curtha isteach le hAlt 11 den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2012) go ndéanfaidh an Chúirt Oibreachais athbhreithnithe ar gach Comhchoiste Oibreachais (CCO), a luaithe is indéanta i ndiaidh thosach an Achta, agus uair amháin gach cúig bliana ina dhiaidh sin. In 2013, rinne an Chúirt Oibreachais athbhreithniú dá leithéid. Ina hathbhreithniú breithnigh an Chúirt Oibreachais ar cheart nó nár cheart CCO ar bith a dhíothú, a choinneáil ina fhoirm reatha, a chónasc le CCO eile nó a ordú bunaithe a leasú. Chuir an Chúirt Oibreachais a tuarascáil faoi bhráid an Aire le linn 2013.

Rinneadh moladh sa Tuarascáil go ndéanfaí líon foriomlán na CCOanna a laghdú agus go ndéanfaí scóip CCOanna eile a leasú chun cúinsí atá ag athrú sna hearnálacha ina bhfeidhmíonn na CCOanna sin a chur san áireamh.

An 1 Deireadh Fómhair 2013 d'fhoilsigh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta Tuarascáil um Athbhreithniú na Cúirte Oibreachais ar chóras na gComhchoistí Oibreachais ag glacadh leis na moltaí a bhí sa Tuarascáil. Moladh sa tuarascáil CCOanna Óstáin Bhaile Átha Cliath agus na gCléireach Dlí a dhíothú, scóip na CCOanna Talmhaíochta, Gruagaireachta, Grósaeireacht Mhiondíola, Óstán (lasmuigh de Bhaile Átha Cliath), Glanadh agus Slándáil Conraitheoireachta a theorannú agus riarachán dhá CCO lónadóireachta a leasú ar feitheamh a gcónaisc i ndiaidh reachtaíocht leasaithe. Sa chomhthéacs deireanach, shonraigh an tAire fosta go bhfuil sé beartaithe aige breathnú ar an CCO Gruagaireachta a chur i bhfeidhm ar fud na tíre nuair a rithfear an reachtaíocht riachtanach.

### *Orduithe Rialaithe Fostaíochta (ORFanna)*

Is éard is Ordú Rialaithe Fostaíochta ann ionstraim reachtúil ina leagtar amach pánna agus coinníollacha fostaíochta a bhaineann le gráid shainithe nó catagóirí sainithe oibrithe in earnáil faoi leith. Ar bhun moltaí a fhaightear ón CCO don earnáil sin agus lenar ghlac an Chúirt Oibreachais, déanann an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ORF ina ndearbhaítear téarmaí an ORF má tá sé sásta gur comhlíonadh na coinníollacha reachtúla. Ní mór gach ordú a dhéanann an tAire a chur faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais agus féadfar iad a chur ar neamhní le réiteach ceachtar Tí

Is é an éifeacht le ORF a dhéanamh go ndéantar na pánna agus na coinníollacha ann in-fheidhmithe le dlí: dá bhrí sin, féadfaidh an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (ÚNCF) sárú ar ORF a fhiosrú agus féadfaidh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta an sárú sin a ionchúiseamh.

### *Gníomhaíochtaí sa réimse seo in 2013*

Níor tionóladh cruinnithe Comhchoistí Oibreachais ar bith le linn 2013 agus ní dhearnadh Orduithe Rialaithe Fostaíochta ar bith faoi na forálacha úra.

Sa réimse gruagaireachta, níl foráil ar bith sna ORFanna ábhartha maidir le clárú CCO foghlaimeoirí (printíseach) i gceirdeanna san earnáil sin. Ba ionann líon na n-iarratas ar chlár foghlaimeoirí sa cheird seo, a bhfuil a chlárú á bhainistiú ag gCúirt Oibreachais, agus 152 in 2013.

## *COMHAONTUITHE FOSTAÍOCHTA CLÁRAITHE*

### *Cad is Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe ann?*

Is éard is comhaontuithe fostaíochta ann (dá bhforáiltear sna hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946-2012) comhaontuithe maidir le pá agus coinníollacha fostaíochta a chuireann an dá thaobh i dtionscal nó i bhfiontar i gcrích. Féadfaidh páirtí ar bith i gcomhaontú fostaíochta dá leithéid iarratas a dhéanamh leis an gCúirt Oibreachais chun an comhaontú a chlárú sa *Chlár Comhaontuithe Fostaíochta*.

Sa chás go bhfuil an Chúirt Oibreachais sásta go sásaíonn comhaontú a chuirtear i láthair na ceanglais reachtúla ábhartha, cláróidh sí an comhaontú. Is é is éifeacht leis seo forálacha an chomhaontaithe a dhéanamh in-fheidhmithe le dlí i dtaca le gach oibrí den aicme, cineál nó grúpa lena mbaineann sé mar atá ráite, agus maidir lena fhostóir/fostóir, fiú mura bhfuil oibrí nó fostóir dá leithéid ina pháirtí/páirtí sa chomhaontú.

Má dhéantar foráil i gcomhaontú fostaíochta cláraithe i leith éagsúlú ar cheann ar bith dá fhorálacha, féadfaidh páirtí ar bith sa chomhaontú iarratas a dhéanamh leis an gCúirt Oibreachais chun an comhaontú a éagsúlú mar a bheith cláraithe. Má cheapann an Chúirt cuí é, i ndiaidh tabhairt faoi na nósanna imeachta riachtanacha, féadfaidh sí Ordú Éagsúlachta a dhéanamh.

Rinneadh leasuithe áirithe ar an Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2012 i dtaca le Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe. Is é is éifeacht leis na leasuithe nach féidir leis an gCúirt comhaontú a dhéanamh mura bhfuil sí sásta go bhfuil sé cuí amhlaidh a dhéanamh faoi threoir na gcritéar liostaithe. Sa chás go gcláraíonn an Chúirt comhaontú tá oibleagáid uirthi é sin a chur in iúl don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Féadfaidh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ordú a dhéanamh ina ndearbhaítear téarmaí an chomhaontaithe má tá sé sásta gur comhlíonadh coinníollacha reachtúla an Achta. Ní mór gach ordú a dhéanann an tAire a chur faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais agus féadfar iad a chur ar neamhní le réiteach ceachtar Tí.

### *Clárúcháin in 2013*

Ní dhearnadh Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe ar bith faoi na forálacha úra le linn 2013.

Tá sonraí maidir leis an comhaontuithe fostaíochta ar fáil ar an suíomh gréasáin um chaidreamh san ionad oibre ag www.workplacerelations.ie

- An Tionscal Tógála (Pánna agus Coinníollacha Fostaíochta)
- An Tionscal Tógála (Árachas Pinsean agus Pá Breoiteachta)
- An Tionscal Conraitheoireachta Leictrí
- Éadaitheoireacht, Coisbheart agus Comhcheirdeanna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
- Tionscal na Clódóireachta (Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath)
- Línte Cumhachta Lasnairde
- Tionscal um Ghlanadh Conraitheoireachta

### *Sáraithe ar Chomhaontuithe Fostaíochta Cláraithe*

Féadfar gearán maidir le comhaontú fostaíochta cláraithe a dhéanamh leis an gCúirt Oibreachais faoi alt 32 den Acht Caidrimh Thionscail 1946 nó faoi Alt 10 den Acht Caidrimh Thionscail 1969. I ndiaidh don Chúirt an gearán a fhiosrú, féadfaidh sí le hordú treoir a thabhairt go ndéanfar rudaí faoi leith a chloífidh leis an gComhaontú. Mura gcloítear le

hOrdú dá leithéid féadfaidh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ionchúiseamh a dhéanamh.

In 2013, rinneadh 47 gearán san iomlán maidir le sáruithe ar chomhaontuithe fostaíochta cláraithe leis an gCúirt Oibreachais (féach Aguisín 1).

Dearbhaíodh i mbreithiúnas a rinne an Chúirt Uachtarach an 9 Bealtaine 2013 go raibh Cuid III den Acht Caidrimh Thionscail 1946 neamhbhailí maidir le hAirteagal 15.2.1 den Bhunreacht. Is é is éifeacht leis an gcinneadh seo clárú comhaontuithe fostaíochta a bhí cláraithe roimhe faoin Acht sin a dhéanamh neamhbhailí. Dá réir sin ní raibh údarás a thuilleadh ag an gCúirt chun na comhaontuithe sin a fhorfheidhmiú, a léirmhíniú nó iad a chur i bhfeidhm ar dhóigh ar bith eile. Chiallaigh sé sin nach bhféadfadh an Chúirt Oibreachais gearáin um sháruithe maidir le comhaontuithe fostaíochta cláraithe faoi alt 32 d'Acht 1946 agus faoi alt 10 den Acht Caidrimh Thionscail 1969, a bhaineann le comhaontuithe a bhí cláraithe faoi fhorálacha neamhbhailí Acht 1946, a ghlacadh nó a phróiseáil ón 9 Bealtaine 2013 i leith.

## *COMHCHOMHAIRLÍ TIONSCAIL*

### *Cad is Comhchomhairlí Tionscail (CCTanna) ann?*

Is éard is '*Comhchomhairle Thionscail cháilithe*' ann comhlacht deonach idirbheartaíochta do thionscal nó do chuid de thionscal agus déanann sí ionadaíocht ar son fostóirí agus oibrithe. Comhlíonann sí na coinníollacha atá leagtha amach sa reachtaíocht um chaidreamh tionscail, féadfaidh sí iarratas a dhéanamh leis an gCúirt Oibreachais ar chlárú, agus má bhíonn an Chúirt sásta, cuirfidh sí ar an gClár Comhchomhairlí Tionscail í.

Éascaíonn an Chúirt Oibreachais na Comhairlí trí oifigeach de chuid na Cúirte a chur ar fáil chun gníomhú mar rúnaí ag a gcruinnithe.

Ag deireadh 2013, bhí 5 Chomhchomhairle Thionscail ar an gClár agus, mar a cheanglaítear le hAlt 23(3) den Acht Caidrimh Thionscail 1946, tá sonraí maidir leo siúd le fáil in Aguisín 3.

### *Gníomhaíochtaí CCTanna cláraithe in 2013*

Thionóil an Chomhchomhairle Thionscail don Tionscal Tógála 3 chruinniú in 2013.

### *CCTanna 'Neamhchláraithe'*

Seachas na 5 chomhlacht ar an gClár Comhchomhairlí Tionscail, tá líon comhlachtaí eile ann atá bainteach i ngníomhaíochtaí comhchosúla ach nach bhfuil iarratas ar chlárú déanta acu. Cuireann an Chúirt Oibreachais oifigeach de chuid na Cúirte ar fáil chomh maith chun gníomhú mar rúnaí ag cruinnithe comhlachtaí dá leithéidí, agus d'fhreastail oifigigh de chuid na Cúirte ar chruinnithe na gComhchomhairlí 'neamhchláraithe' seo a leanas le linn 2013:

**An Tionscal Conraitheoireachta Leictrí** (8 gcruinniú)
**Fostaithe Tionsclaíocha Stáit** (3 chruinniú)

## SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

*SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA in 2013*

***Bainistíocht Airgeadais***

Tá an Chúirt Oibreachais á maoiniú ag an Státchiste, tríd an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Thabhaigh an Chúirt caiteachas dar luach €2.22 milliún le linn 2013. Chuimsigh sé seo €1.9 milliún i dtaca le pá agus €0.32 i dtaca le neamhphá. Déantar airgead uile na Cúirte Oibreachais a riar trí bhuiséad na Roinne agus is cuid de chuntais na Roinne é. Chomh maith lena tairiscintí féin a eagrú bhain an Chúirt leas chomh maith as íostarraingt ón Roinn i réimsí amhail oiliúint, soláthairtí agus trealamh oifige. Déantar monatóireacht sheasmhach ar an gcaiteachas agus déantar athbhreithniú air gach mí.

*Féach Aguisín 7 chun sonraí a fháil: Tuarascáil Airgeadais le haghaidh 2013*

***Seirbhís do Chustaiméirí***

Léiríonn Cairt um Sheirbhís do Chustaiméirí na Cúirte a tiomantas do sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil, bunaithe ar na prionsabail seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí don tSeirbhís Phoiblí agus Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse a d’fhormhuinigh an Rialtas. Measann an Chúirt gur chomhlíon sí na tiomantais a rinneadh sa Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí.

***Meabhrán Tuisceana***

In 2013 d’ullmhaigh an Chúirt Oibreachais Meabhrán Tuisceana (MT) lena máthair-Roinn (an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta) i gcomhlíonadh an cheanglais faoi chinneadh an Rialtais an 15 Samhain 2011 agus faoin gClár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí a foilsíodh an 17 Samhain 2011 do gach Roinn chun, *inter alia*, Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse láidre a chur i bhfeidhm lena gComhlachtaí Stáit faoi Mheitheamh 2012.

Gheall an Chúirt go soláthródh sí comhaontú leibhéal seirbhíse de réir na dtáirgí insoláthartha agus na gcritéar feidhmíochta atá sainithe ina clár oibre bliantúil atá curtha isteach aici, mar atá leagtha amach in Aguisín 8 agus de réir na reachtaíochta ábhartha uile.

***An Clár um Athchóiriú Caidrimh san Ionad Oibre***

I mí Iúil 2011, d'fhógair an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta clár chun athchóiriú a dhéanamh ar chaidreamh san aonad oibre/cearta fostaíochta agus struchtúir agus creataí caidreamh tionscail. Bunóidh an clár struchtúr dhá shraith um Chaidreamh san Ionad Oibre trí ghníomhaíochtaí an Údaráis Náisiúnta Cearta Fostaíochta, an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais, an Bhinse Comhionannais, agus fheidhmeanna céadchéime na Cúirte Oibreachais agus an Bhinse Achomhairc Fostaíochta a chumasc isteach i gComhlacht úr Céadchéime - an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre (CCIO). Déanfar feidhmeanna achomhairc an Bhinse Achomhairc Fostaíochta a chorprú isteach i gCúirt Oibreachais leathnaithe.

Déanfar gach gearán céadchéime leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre sa chás go mbeidh trí rogha chun gearáin a réiteach ar fáil - luathréiteach, iniúchadh agus breithiúnas. Déanfar na hachomhairc uile chuig an gCúirt Oibreachais agus déanfar an t-aon achomharc eile chuig an Ard-Chúirte ar phointe dlí.

Coinneofar an Chúirt Oibreachais mar chomhlacht reachtúil neamhspleách agus beidh sí ina comhlacht achomhairc aonair a dhéileálfaidh le gach achomharc ón CCIO. Leanfaidh an Chúirt Oibreachais lena seirbhísí reatha uile a sheachadadh (seachas an líon beag feidhmeanna céadchéime a aistríodh chuig an CCIO) chomh maith le feidhmeanna achomhairc an Bhinse Achomhairc Fostaíochta (BAF) a ghlacadh.

**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL**

**NA CÚIRTE OIBREACHAIS**

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2013 AGUISÍNÍ

## AGUISÍN 1 TARCHUIR A FUARTHAS IN 2013

| *Alt /Acht /Iarratas* | **2013** | **2012** | | **Difríocht** |
|---|---|---|---|---|
| **Caidreamh Tionscail** | | | | |
| Alt 32, an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946<br>(Gearán ó cheardchumann i leith sárú CFC) | 37 | 170 | | -133 |
| Alt 33(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946<br>(Léirmhíniú CFC) | 2 | 16 | | -14 |
| Alt 33(3), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946<br>(Léirmhíniú CFC - tagairt le Cúirt Dlí) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 43(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990<br>(Léirmhíniú ar an gcód cleachtais) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 57(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946<br>(Ceist um scóip CCO nó ORF) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 10, an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969<br>(Gearán i leith sárú CFC) | 10 | 52 | | -42 |
| Alt 13(9), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969<br>(Achomharc i gcoinne Mholadh Choimisinéara um Chearta) | 144 | 133 | | +11 |
| Alt 20(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969<br>(Cásanna a tharchuir an Ceardchumann nó na hoibrithe go díreach - réamhghlacadh an Mholta) | 192 | 158 | | +34 |
| Alt 20(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969<br>(Cásanna a tharchuir na páirtithe go díreach - réamhghlacadh an Mholta) | 4 | 3 | | +2 |
| Alt 26(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990<br>(Cásanna a tharchuir an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais chuig an gCúirt) | 166 | 158 | | +8 |
| Alt 26(3), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990<br>(Cásanna a tharchuir an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais chuig an gCúirt gan chomhréiteach) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 26(5), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990<br>(Cásanna a tarchuireadh chuig an gCúirt i gcúinsí eisceachtúla) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 2(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001 arna leasú leis an Acht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004.<br>(Cásanna nach bhfuil nósanna imeachta idirbheartaíochta curtha i bhfeidhm) | 0 | 2 | | -2 |
| Alt 6(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001<br>(Iarratas ar Chinntiúchán i dtaca le Moladh) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 10(1), an tAcht Caidrimh Tionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004<br>(Achomharc i gcoinne Chinneadh an Choimisinéara um Chearta - maidir le hathíospairt) | 0 | 1 | | -1 |
| Alt 28(1) agus Alt 29(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Tuairisc maidir le héagsúlú agus cealú éisteacht CFC) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 7, an tAcht Caidrimh Thionscail 1969 (léirmhíniú maidir le pá agus coinníollacha) | 0 | 0 | | 0 |
| ***Iomlán na gCásanna maidir le Caidreamh Tionscail*** | **555** | **693** | | **-137** |
| **Comhionannas** | | | | |
| Alt 77(12), an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998<br>(Achomharc i gcoinne chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais - teorainn ama) | 3 | 6 | | -3 |
| Alt 83, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998<br>(Achomharc i gcoinne chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais) | 66 | 62 | | +4 |
| Alt 77A(2)(a), na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2008<br>(Achomharc i gcoinne Chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais) | 1 | 4 | | -3 |
| Alt 81(4), Acht na bPinsean 1990 (Cásanna a tarchuireadh chuig an gCúirt lasmuigh den teorainn ama) | 0 | 1 | | -1 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ***Iomlán na gCásanna maidir le Comhionannas*** | **70** | **73** | | **-3** |
| **Eagrú Am Oibre** | | | | |
| Alt 28(1), An tAcht um Eagrú Am Oibre, 1997 (Achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 107 | 169 | | -62 |
| Alt 28(8), An tAcht um Eagrú Am Oibre, 1997 (Gearáin nár cuireadh cinneadh an Choimisinéara um Chearta i bhfeidhm) | 100 | 104 | | -4 |
| ***Iomlán na gCásanna um Eagrú Am Oibre*** | **207** | **273** | | **-66** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Obair Ghníomhaireachta Shealadach** | | | | |
| Alt 25(2) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach) 2012 | 24 | 0 | | +24 |
| Alt 25(3) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach) 2012 | 1 | 0 | | +1 |
| ***Iomlán an gcásanna um Obair Ghníomhaireachta Shealadach*** | **25** | **0** | | **+25** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Nochtadh Cosanta faoin Acht um Cheartas Coiriúil** | | | | |
| Alt 20(2) | 1 | 0 | | |
| | | | | |
| ***Iomlán an Nochta Chosanta faoin Acht um Cheartas Coiriúil*** | **1** | **0** | | |

| *Alt /Acht /Iarratas* | **2013** | **2012** | | **Difríocht** |
|---|---|---|---|---|
| **Pá Íosta Náisiúnta** | | | | |
| Alt 27(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 16 | 30 | | -14 |
| Alt 31(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Gearáin nár cuireadh cinneadh an Choimisinéara um Chearta i bhfeidhm) | 7 | 3 | | +4 |
| ***Iomlán na gCásanna um Pá Íosta Náisiúnta*** | **23** | **33** | | **-10** |
| **Cosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha)** | | | | |
| Alt 17(1) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (Achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 10 | 12 | | -2 |
| Alt 17(8) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (Gearáin nár cuireadh cinneadh an Choimisinéara um Chearta i bhfeidhm) | 0 | 0 | | 0 |
| ***Iomlán na gcásanna um Obair Pháirtaimseartha*** | **10** | **12** | | **-2** |
| **Cosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe)** | | | | |
| Alt 15(1) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe), 2003 (Achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta) | ***37*** | 62 | | -25 |
| Alt 15(8) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe), 2003 (Gearáin nár cuireadh cinneadh an Choimisinéara um Chearta i bhfeidhm) | 4 | 2 | | +2 |
| ***Iomlán na gcásanna um Obair Théarma Shocraithe*** | **41** | **64** | | **-23** |
| **Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair** | | | | |
| Alt 29(1), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, | ***19*** | 19 | | 0 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 2005 (Achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta) | | | | |
| Alt 29(8), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Gearán a rinne fostaí nach raibh Cinneadh an Choimisinéara um Chearta curtha i bhfeidhm) | 2 | 2 | | 0 |
| ***Iomlán na gcásanna um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair*** | **21** | **21** | | **0** |
| **Faisnéis agus Comhchomhairle Fostaithe** | | | | |
| Alt 15(1), an tAcht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar), 2006<br>(Cásanna a tarchuireadh go díreach chuig an gCúirt) | ***0*** | 0 | | 0 |
| Alt 15(2), an tAcht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar), 2006 | 0 | 2 | | -2 |
| Alt 15(4), an tAcht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar), 2006 | 0 | 1 | | -1 |
| Alt 15(5), an tAcht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar), 2006 | ***4*** | 7 | | -3 |
| ***Iomlán na gcásanna maidir le Faisnéis agus Comhchomhairle*** | **4** | **10** | | **-6** |
| **Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla** | | | | |
| Alt 7(1), an tAcht um Chaomhnú Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla agus Nithe Gaolmhara) (Iarratas ón Aire le haghaidh tuairime maidir le Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla) | ***0*** | 1 | | -1 |
| ***Iomlán na gcásanna maidir le Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla*** | **0** | **1** | | **-1** |
| **Sláinte** | | | | |
| Alt 55M(11), an tAcht Sláinte, 2004 (Achomharc i gcoinne chinneadh an Coimisinéara um Chearta faoin Acht seo) | **0** | 1 | | -1 |
| ***Iomlán na gCásanna um Shláinte*** | **0** | **1** | | **-1** |
| **IOMLÁN NA dTARCHUR A FUARTHAS** | **957** | **1,181** | | **-224** |

## AGUISÍN 2 CÁSANNA A CUIREADH I gCRÍCH IN 2013

| *Alt /Acht /Iarratas* | 2013 | 2012 | | Difríocht |
|---|---|---|---|---|
| **Caidreamh Tionscail** | | | | |
| Alt 32, an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Gearán ó cheardchumann i leith sárú CFC) | 76 | 116 | | -40 |
| Alt 33(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Léirmhíniú CFC) | 2 | 12 | | -10 |
| Alt 33(3), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Léirmhíniú CFC - tagairt le Cúirt Dlí) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 10, an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 (Gearán i leith sárú CFC) | 33 | 42 | | -9 |
| Alt 13(9), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 (Achomharc i gcoinne Mholadh Choimisinéara um Chearta) | 109 | 122 | | -13 |
| Alt 20(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 (Cásanna a tharchuir an Ceardchumann nó na hoibrithe go díreach - réamhghlacadh an Mholta) | 131 | 89 | | +42 |
| Alt 20(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 (Cásanna a tharchuir na páirtithe go díreach - réamhghlacadh an Mholta) | 5 | 1 | | +4 |
| Alt 26(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 (Cásanna a tharchuir an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais chuig an gCúirt) | 136 | 152 | | -16 |
| Alt 26(3), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 (Cásanna a tharchuir an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais chuig an gCúirt gan chomhréiteach) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 26(5), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 (Cásanna a tarchuireadh chuig an gCúirt i gcúinsí eisceachtúla) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 43(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 (Léirmhíniú ar an gcód cleachtais) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 43(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 Gearán maidir le Sárú ar an gCód Cleachtais | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 2(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001 arna leasú leis an Acht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 (Cásanna nach bhfuil nósanna imeachta idirbheartaíochta curtha i bhfeidhm) | 0 | 1 | | -1 |
| Alt 6(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001 (Iarratas ar Chinntiúchán i dtaca le Moladh) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 10(1), an tAcht Caidrimh Tionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 (Achomharc i gcoinne Chinneadh an Choimisinéara um Chearta - maidir le hathíospairt) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 28(1) agus Alt 29(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Tuairisc maidir le héagsúlú agus cealú éisteacht CFC) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 57(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Ceist maidir le Scóip CCO nó ORF) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 7, an tAcht Caidrimh Thionscail 1969 (léirmhíniú maidir le pá agus coinníollacha) | 0 | 0 | | 0 |
| ***Iomlán na gCásanna maidir le Caidreamh Tionscail*** | ***492*** | **535** | | ***-43*** |
| **Comhionannas** | | | | |
| Alt 24, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1977 (Gearán nár cuireadh Cinneadh na Cúirte i bhfeidhm) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 77(2), an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Cás maidir le dífhostú a tháinig as idirdhealú nó íospairt) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 77(12), an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Achomharc i gcoinne chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais - teorainn ama) | 2 | 3 | | -1 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Alt 83, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998<br>(Achomharc i gcoinne chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais) | 37 | 40 | | -3 |
| Alt 77A(2)(a), na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2008 | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 81(4), Acht na bPinsean 1990 (Cásanna a tarchuireadh chuig an gCúirt lasmuigh den teorainn ama) | 0 | 1 | | -1 |
| ***Iomlán na gCásanna maidir le Comhionannas*** | ***39*** | ***44*** | | ***-5*** |

**AGUISÍN 2 - ar lean**
**CÁSANNA A CUIREADH I gCRÍCH IN 2013 - ar lean**

| *Alt /Acht /Iarratas* | **2013** | **2012** | | **Difríocht** |
|---|---|---|---|---|
| **Eagrú Am Oibre** | | | | |
| Alt 28(1), An tAcht um Eagrú Am Oibre, 1997<br>(Achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 84 | 115 | | -31 |
| Alt 28(8), an tAcht um Eagrú Am Oibre, 1997<br>(Gearáin nár cuireadh cinneadh an Choimisinéara um Chearta i bhfeidhm) | 95 | 97 | | -2 |
| ***Iomlán na gCásanna um Eagrú Am Oibre*** | ***179*** | ***212*** | | ***-33*** |
| **Pá Íosta Náisiúnta** | | | | |
| Alt 27(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000<br>(Achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 8 | 14 | | -6 |
| Alt 31(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000<br>(Gearáin nár cuireadh cinneadh an Choimisinéara um Chearta i bhfeidhm) | 6 | 2 | | +4 |
| ***Iomlán na gCásanna um Pá Íosta Náisiúnta*** | ***14*** | ***16*** | | ***-2*** |
| **Cosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha)** | | | | |
| Alt 17(1) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001<br>(Achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 5 | 14 | | -9 |
| Alt 17(8) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001<br>(Gearáin nár cuireadh cinneadh an Choimisinéara um Chearta i bhfeidhm) | 0 | 0 | | 0 |
| ***Iomlán na gCásanna um Obair Pháirtaimseartha*** | ***5*** | ***14*** | | ***-9*** |
| **Cosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe)** | | | | |
| Alt 15(1) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe), 2003<br>(Achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta) | ***37*** | 45 | | ***-8*** |
| Alt 15(8) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe), 2003<br>(Gearáin nár cuireadh cinneadh an Choimisinéara um Chearta i bhfeidhm) | 2 | 3 | | ***-1*** |
| ***Iomlán na gCásanna um Obair Théarma Shocraithe*** | 39 | ***48*** | | ***-9*** |
| **Sábháilteacht, Sláinte agus Leas Fostaithe** | | | | |
| Alt 29(1), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005<br>(Achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 21 | 10 | | ***+11*** |
| Alt 29(8), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005<br>(Gearán a rinne fostaí nach raibh Cinneadh an Choimisinéara um Chearta curtha i bhfeidhm) | 0 | 2 | | ***-2*** |
| ***Iomlán na gCásanna um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas*** | 21 | ***12*** | | ***+9*** |
| **Faisnéis agus Comhchomhairle Fostaithe** | | | | |
| Alt 15, an tAcht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar), 2006 | ***7*** | ***0*** | | ***0*** |
| ***Iomlán na gCásanna maidir le Faisnéis agus Comhchomhairle*** | ***7*** | ***1*** | | ***+6*** |
| **Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla** | | | | |
| Alt 7(1), an tAcht um Chaomhnú Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla agus Nithe Gaolmhara) (Iarratas ón Aire le haghaidh tuairime maidir le Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla) | ***0*** | 1 | | -1 |
| ***Iomlán na gcásanna maidir le Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla*** | 0 | **1** | | **-1** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Sláinte** | | | | |
| Alt 55M(11), an tAcht Sláinte, 2004 (Achomharc i gcoinne Chinneadh an Coimisinéara um Chearta faoin Acht seo) | **0** | 0 | | 0 |
| ***Iomlán na gCásanna um Shláinte*** | 0 | **0** | | |
| **Obair Ghníomhaireachta Shealadach** | | | | |
| Alt 25(2) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach) 2012 | 3 | 0 | | +3 |
| Alt 25(3) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach) 2012 | 1 | 0 | | +1 |
| ***Iomlán an gcásanna um Obair Ghníomhaireachta Shealadach*** | ***4*** | **0** | | |
| ***Iomlán*** | ***800*** | **883** | | |

**AGUISÍN 3**

## *COMHCHOMHAIRLÍ TIONSCAIL CLÁRAITHE*

Tugtar na sonraí chomhlachais seo a leanas ar Chlár na gComhchomhairlí Tionscail le linn na tréimhse a chlúdaítear sa tuarascáil seo de réir cheanglais Alt 23(3) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946.

1. Comhbhord Comréitigh agus Eadrána do Thionscal Buataisí agus Bróg na hÉireann

| | |
|---|---|
| *Dáta Clárúcháin:* | an 10 Iúil 1948 |
| *Rúnaí:* | An tUasal C. Cronin/Ms C. O'Reilly<br>An Chúirt Oibreachais |

2. Comhchomhairle Tionscail do Thrádáil Mórdhíola na dTorthaí agus na nGlasraí i mBaile Átha Cliath

| | |
|---|---|
| *Dáta Clárúcháin:* | an 27 Éanair 1964 |
| *Rúnaí:* | An tUasal C. Cronin/an tUasal C. O'Reilly<br>an Chúirt Oibreachais |

3. Chomhchomhairle Thionscail don Tionscal Tógála

| | |
|---|---|
| *Dáta Clárúcháin:* | an 26 Iúil 1965 |
| *Rúnaí:* | An tUasal C. Cronin/an tUasal C. O'Reilly<br>An Chúirt Oibreachais |

4. Chomhchomhairle Thionscail don Tionscal Slándála

| | |
|---|---|
| *Dáta Clárúcháin:* | an 12 Nollaig 2011 |
| *Rúnaí:* | An tUasal C. Cronin/an tUasal C. O'Reilly<br>An Chúirt Oibreachais |

5. Chomhchomhairle Thionscail don Tionscal um Ghlanadh Conraitheoireachta

| | |
|---|---|
| *Dáta Clárúcháin:* | an 19 Nollaig 2011 |
| *Rúnaí:* | An tUasal C. Cronin/an tUasal C. O'Reilly<br>An Chúirt Oibreachais |

## AGUISÍN 4

## *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE OIBREACHAIS*

***Réamhrá Ginearálta***

Bunaíodh an Chúirt Oibreachais leis an Acht Caidrimh Thionscail 1946 agus dearadh na feidhmeanna chun cúnamh a thabhairt le ceisteanna maidir le caidreamh tionscail a réiteach. Sna 68 bliain ó bunaíodh í, rinneadh ról an Cúirte a fhorbairt agus a leathnú, go príomha trína ról breithiúnais le blianta beaga anuas i dtaca le raon leathan cearta fostaíochta arna leagan síos i reachtanna éagsúla.

Anois, is féidir ról na Cúirte a roinnt go forleathan idir a cuid oibre um ***chaidreamh poiblí*** (na ceisteanna siúd a thagann os comhair na Cúirte faoi fhorálacha na nAchtanna Caidrimh Thionscail), agus a cuid oibre um ***chearta fostaíochta*** (na cásanna siúd a tharchuirtear chuici faoi cheann ar bith de na hAchtanna um chearta fostaíochta).

***Caidreamh Tionscail***

Déantar foráil i leith bhainteacht na Cúirte Oibreachais sa réimse um chaidreamh tionscail sna hAchtanna Caidrimh Thionscail 1946 go 2012. Tá na feidhmeanna sin éagsúil, agus is iad seo a leanas na príomhfheidhmeanna:

- *Imscrúdú ar dhíospóidí maidir le Caidreamh Tionscail*

  Bíonn iarrachtaí déanta ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais cheana maidir le cion mór de na díospóidí caidreamh tionscail a thagann os comhair na Cúirte lena n-imscrúdú (trí chruinnithe comhréitigh idir na páirtithe) chun teacht ar réiteach comhaontaithe. Nuair a dhéantar díospóid a tharchur chuig an gCúirt, tionólfaidh sí Éisteacht, agus i ndiaidh na héisteachta eiseoidh sí *Moladh* ina leagtar amach tuairimí na Cúirte a bheadh ina réiteach réasúnta ar an gceist (na ceisteanna) sa díospóid. Níl an Moladh ina cheangal ar na páirtithe ach bheifí ag súil leo aird a thabhairt ar thuairimí na Cúirte.

Mar mhalairt ar dhul ar aghaidh trí chomhréiteach leis an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais, féadfaidh páirtí amháin nó an dá pháirtí díospóidí a tharchur go díreach chuig an gCúirt nuair a aontaíonn siad roimh ré cloí le Moladh na Cúirte.

Tá forálacha speisialta ann a bhaineann le díospóidí sa chás nach bhfuil socruithe idirbheartaíochta i bhfeidhm laistigh den fhostaíocht. I gcás dá leithéid, eiseoidh an Chúirt Moladh i ndiaidh a himscrúdaithe agus mura gcloífear le téarmaí an Mholta laistigh de thréimhse faoi leith, féadfaidh an Chúirt, ar iarratas, '*Cinntiúchán*' in-fheidhmithe a eisiúint.

- *Achomhairc i gcoinne mholtaí an Choimisinéara um Chearta*

  Féadfar díospóid caidreamh tionscail ina bhfuil oibrí amháin bainteach a tharchur ar dtús chuig Coimisinéir um Chearta chun Moladh a fháil. Is féidir le ceachtar páirtí Moladh an Choimisinéara um Chearta a achomharc chuig an gCúirt Oibreachais agus, i ndiaidh éisteacht leis na páirtithe, eiseoidh an Chúirt '*Cinneadh*' a bheidh ina cheangal ar na páirtithe.

- *Clárú na gComhaontuithe Fostaíochta*

  Cuirtear síos ar obair na Cúirte sa réimse seo níos luaithe sa Tuarascáil Bhliantúil. Go ginearálta, is é a bheidh i gceist go gcláróidh an Chúirt comhaontú maidir le pá agus coinníollacha a rinne an dá 'thaobh' in earnáil nó i bhfiontar, agus is é an éifeacht a bheidh ag clárú dá leithéid an comhaontú a dhéanamh in-fheidhmithe le dlí. Is féidir gearáin ina líomhnaítear sáruithe ar Chomhaontú Fostaíochta Cláraithe a dhéanamh leis an gCúirt agus, i ndiaidh don Chúirt an gearán a fhiosrú, is féidir léi Ordú a dhéanamh ina dtugtar treoir go ndéanfar rudaí faoi leith a chloífidh leis an gComhaontú.

- *Comhchoistí Oibreachais/Orduithe Rialaithe Fostaíochta*

  Tá cur síos déanta ar an réimse seo de chuid ghníomhaíochtaí na Cúirte Oibreachais áit éigin eile sa Tuarascáil seo. Go hachomair, féadfaidh an Chúirt, ar iarratas léi, Comhchoiste Oibreachais a bhunú i dtaca le hearnáil faoi leith. Beidh an Coiste déanta suas d'ionadaithe na n-oibrithe agus na bhfostóirí san earnáil sin agus feidhmeoidh sé faoi Chathaoirleach neamhspleách. Buailfidh an Coiste le chéile chun rátaí pá agus coinníollacha a mbeidh feidhm acu san earnáil a phlé agus déanfaidh sé moltaí leis an gCúirt Oibreachais chun na rátaí agus na coinníollacha comhaontaithe a chorprú in ionstraim is in-fheidhmithe le dlí ar a dtugtar '*Ordú Rialaithe Fostaíochta*'. Féach nóta

roimhe seo i dtaca le tionchar rialú na hArd-Chúirte in Iúil 2011 ar in-fhorfheidhmitheacht ORFanna.

- *Cóid Chleachtais*

  Déantar foráil san Acht Caidrimh Thionscail 1990 go n-ullmhóidh an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais '*cóid chleachtais*' maidir le caidreamh tionscail. Sa chás go bhfuil cód dá leithéid i bhfeidhm, is féidir iarratas a dhéanamh leis an gCúirt Oibreachais ar léirmhíniú a téarmaí. Ina theannta sin, is féidir gearán maidir le sárú ar chód a dhéanamh leis an gCúirt.

***Cearta fostaíochta***

Is í príomhobair na Cúirte sa réimse cearta fostaíochta gníomhú mar chomhlacht achomhairc maidir le cinntí comhlachtaí Cearta Fostaíochta eile arb é a bhfeidhm imscrúdú a dhéanamh ar éilimh nó ar ghearáin a dhéantar faoin reachtaíocht ábhartha.

- *Comhionannas Fostaíochta*

  Sa chás go ndéantar éilimh ar idirdhealú maidir le fostaíocht le Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2008, agus go n-eisíonn an Stiúrthóir moladh maidir leis an éileamh, féadfaidh ceachtar de na páirtithe achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh chuig an gCúirt Oibreachais. Eagróidh an Chúirt Éisteacht maidir leis an achomharc agus eiseoidh sí '*Cinntiúchán*'.

- *Cearta Fostaíochta Eile*

  Le blianta beaga anuas, leagadh raon leathan cearta fostaíochta síos in Achtanna éagsúla an Oireachtais. Sa chás go ndéantar gearán le Coimisinéir um Chearta ina líomhnaítear go ndearnadh sárú ar cheann ar bith de na reachtanna um chearta fostaíochta, féadfar achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais i gcoinne Chinnidh an Choimisinéara um Chearta, agus i ndiaidh éisteacht leis an dá pháirtí, eiseoidh an Chúirt Cinntiúchán.

  Ina theannta sin, sa chás nár chloígh fostóir le Cinneadh an Choimisinéara um Chearta i gcás ar bith agus nach ndearna sé nó sí achomharc i gcoinne an Chinnidh sin chuig an gCúirt Oibreachais, féadfaidh an t-oibrí i ndiaidh am sainithe gearán a dhéanamh leis an gCúirt Oibreachais agus eiseoidh an Chúirt '*Cinntiúchán*' in-fheidhmithe.


Eascraíonn na feidhmeanna sin de chuid na Cúirte faoi na hAchtanna seo a leanas go príomha:

- an tAcht um Eagrú Am Oibre 1997
- an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta 2000
- an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001
- an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe), 2003
- an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

## AGUISÍN 5


## STRUCHTÚR NA CÚIRTE OIBREACHAIS AGUS RIARACHÁN NA CÚIRTE OIBREACHAIS

Tá 9 gcomhalta sa Chúirt Oibreachais - Cathaoirleach, 2 Leas-Chathaoirleach agus 6 ghnáth-Chomhalta (3 a dhéanann ionadaíocht d'oibrithe agus 3 a dhéanann ionadaíocht d'fhostóirí). Tá comhairleoir dlí ag an gCúirt Oibreachais chomh maith ar a dtugtar an Cláraitheoir.





### *ÉISTEACHT NA CÚIRTE*

Déanann Rannán de chuid na Cúirte ar a bhfuil Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach de chuid na Cúirte, Comhalta Oibrí agus Comhalta Fostóra gach éisteacht de chuid na Cúirte




Freastalaíonn Rúnaí Cúirte ar gach éisteacht chomh maith.

### *RIARACHÁN NA CÚIRTE OIBREACHAIS*



## AGUISÍN 6

## *TUILLEADH EOLAIS*

Is féidir tuilleadh eolais maidir le rud ar bith atá sa Tuarascáil Bhliantúil seo a fháil ó:

An Chúirt Oibreachais
Teach Tom Johnson
Bóthar Haddington
Baile Átha Cliath 4

Guthán: (01) 613 6666
Uimhir íosghlao (má táthar ag glao ó lasmuigh de cheantar (01): 1890 22 02 28
Facs: (01) 613 6667

rphost: info@labourcourt.ie
Suíomh gréasáin: www.workplacerelations.ie

| **Fiosrú** | **Rannán Ábhartha na Cúirte Oibreachais** | **Teagmháil** |
|---|---|---|
| Maidir le cás faoi leith, roimh an éisteacht | An Rannán Cláreagraithe | (01) 6136608, 6136626, 6136610, |
| | | |
| Maidir le cás faoi leith, i ndiaidh na héisteachta | Rúnaí Cúirte Ábhartha | Mar a léiríodh ag an éisteacht |
| | | |
| Comhchoistí Oibreachais<br>Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe<br>Orduithe Rialaithe Fostaíochta<br>Pá Íosta Náisiúnta<br>Clárúcháin phrintíseacht ghruagaireachta | An Rannán um Chomhchoistí Oibreachais/ Chomhchomhairlí Tionscail | (01) 6136631, 6136632, 6136626<br>6136629<br>rphost: jlc@labourcourt.ie |
| | | |
| Eolas ginearálta maidir le caidreamh tionscail, comhionannas, eagrú am oibre, obair pháirtaimseartha, obair théarma shocraithe | Seirbhís do Chustaiméirí maidir le Caidreamh san Ionad Oibre | 1890 80 80 90 |

## AGUISÍN 7

### *TUARASCÁIL BHLIANTÚIL LE HAGHAIDH 2013*

| **Tuarascáil Airgeadais le haghaidh 2013** | € |
|---|---|
| Pá: | 1,904,000 |
| Neamhphá: | 323,000 |
| IOMLÁN | 2,227,000 |

| Is iad seo a leanas na príomhréimsí caiteachas neamhphá: | |
|---|---|
| | € |
| Post/Gutháin | 98,705 |
| Trealamh agus Soláthairtí Oifige | 41,440 |
| Áitreabh Oifige | 76,988 |

Ba ionann caiteachas ar chásobair lena raibh gá éisteachtaí a dhéanamh i suíomhanna lasmuigh de cheanncheathrú na Cúirte Oibreachais agus €67,000.

**Íocaíochtaí prasa**

Lean an Chúirt ag cloí leis an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht a Dhéanamh Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002. De réir chinneadh an Rialtais S29296 an 2 Márta 2011, tá an Chúirt Oibreachais tiomanta do gach iarracht a dhéanamh soláthraithe a íoc laistigh de 15 lá ó shonrasc bailí a fháil. Más gá, íocfar ús ar íocaíocht phras de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

## AGUISÍN 8

### *CLÁR OIBRE NA CÚIRTE OIBREACHAIS LE HAGHAIDH 2013 PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA*

| Beart | Feidhmíocht in 2013 |
|---|---|
| Oibríodh in idirchaidreamh leis an Oifig Tionscadail Athchóirithe chun na tionscnaimh luathbhuachana faoin gClár Athchóirithe a chur i bhfeidhm agus a leabú. | Dúnadh suíomh gréasáin na Cúirte Oibreachais i ndiaidh lainseáil an tsuímh ghréasáin um Chaidreamh san Ionad Oibre in 2013 |
| Rinneadh idirchaidreamh éifeachtúil leis an Oifig Tionscadal maidir le próiseáil gearán um chaidreamh san ionad oibre agus sceidealú agus bainistíocht éisteachtaí a chuíchóiriú tuilleadh agus tugadh acmhainní ina leith. | Rinneadh athbhreithniú ar phróisis ghnó<br><br>Rinneadh ionchur sa phróiseas soláthair do Chóras Bainistíochta Caidreamh Custaiméirí. |
| Rinneadh idirchaidreamh éifeachtúil leis an Oifig Tionscadal maidir le cur i bhfeidhm an Bhille um Chaidreamh san Áit Oibre (Leasú) agus tugadh acmhainní ina leith. | Rinneadh baill foirne a ath-lonnú de réir mar ba ghá 2013 |
| Fuarthas agus cláraíodh gearáin, achomhairc agus tarchuir díospóidí go héifeachtúil agus go héifeachtach. | Baineadh amach an sprioc maidir le gearáin/achomhairc a chlárú laistigh de 5 lá oibre óna bhfáil<br><br>Baineadh amach an sprioc maidir le hadmhálacha chuig Gearánaithe agus fógraí chuig Freagróirí laistigh de 5 lá oibre ó na hachomhairc/tarchuir a fháil. |
| Soláthraíodh i leith éisteacht éifeachtúil agus éifeachtach gearán, achomharc agus tarchuir díospóidí, agus eisíodh cinntiúcháin maidir leo | Baineadh amach na spriocanna maidir le héisteachtaí Cúirte i dtaca le<br>• dátaí éisteachta agus tionól éisteachtaí a shocrú<br>• eisíodh cinntiúcháin |

| Beart | Feidhmíocht in 2013 |
| --- | --- |
| | • foilsíodh Cinntiúcháin ar an suíomh gréasáin<br><br>Foilsíodh achoimrithe maidir le cásanna cearta fostaíochta a bhain le pointí dlí in 2013 |
| Clár um fhorbairt ghairmiúil leanúnach do Chomhaltaí na Cúirte | Freastalaíodh ar 3 chomhdháil in 2013 |
| Rinneadh athbhreithniú ar CCOanna<br><br>Soláthraíodh rúnaíocht do CCOanna | Foilsíodh fógra um athbhreithniú; rinneadh an t-athbhreithniú 6 seachtainí ón dáta a sonraíodh chun aighneachtaí a fháil; cuireadh cóip de na moltaí do CCOanna ar aghaidh chuig an Aire laistigh de 1 sheachtain<br><br>Soláthraíodh rúnaíocht de réir mar ba ghá in 2013 |
| Fáil éifeachtúil agus éifeachtach tograí agus iarratas maidir le ORFanna a éagsúlú nó a chur ar ceal, agus cinneadh a dhéanamh maidir leo | Ní raibh CCOanna i bhfeidhm don chuid is mó do 2013 |
| Cinneadh iarratais maidir le clár CCTanna a chlárú/a chur ar ceal<br><br>Soláthraíodh rúnaíocht do CCTanna | Ní raibh CCTanna úra ar bith ann agus níor cuireadh CCTanna ar bith ar ceal in 2013<br><br>Soláthraíodh rúnaíocht de réir mar ba ghá |
| Fáil éifeachtúil agus éifeachtach tograí agus iarratas maidir le comhaontuithe fostaíochta a chlárú, a éagsúlú nó a athbhreithniú, agus cinneadh a dhéanamh maidir leo. | Ní raibh CFCanna úra nó éagsúlaithe ar bith ann in 2013 |
| Rinneadh an scéim um chlárú printísigh ghruagaireachta a bhainistiú | Baineadh amach an sprioc maidir le printíseacht agus eisíodh litreacha um dhearbhú d'eisimircigh faoi seach |